

Leasuithe ar Scéim na mBéilte Te





Eochairfhocail: béile, athbhreithniú, Aire, scéim, cur amú bia, dúshlán

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad a chuir an tAire Dara Calleary TD faoi bhráid na comhaireachta inniu?
2. Ainmnigh dhá ghrúpa daoine a raibh baint acu leis an dá athbherithniú a rinne an Rialtas ar Scéim na mBéilte Te?
3. Cé mhéad bunscoil atá tar éis páirt a ghlacadh sa Scéim go nuige seo?
4. Cén dúshlán a bhaineann leis an Scéim a ndearna an tAire Calleary tagairt dó sa mhír nuachta?
5. Breac síos fadhb amháin a tháinig chun solais san athbhreithniú ar Scéim na mBéilte Te.
6. An raibh móramh de na múinteoirí agus de na príomhoidí a ghlac páirt san athbhreithniú i bhfábhar na Scéime?
7. Breac síos buntáiste amháin a bhaineann le Scéim na mBéilte Teo, dar leat?
8. Céard é an saghas bia is fearr leat? Cén fáth?






Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó bréagach

Ag obair le do pháirtí ranga, féachaigí ar an mír nuachta arís agus aimsígí an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

	F	B
Tá sé i gceist ag an Rialtas deireadh a chur láithreach le Scéim na mBéilte Te		B
Tá os cionn 680,000 páiste tar éis leas a bhaint as an Scéim go nuige seo		
Níl ann ach cúpla bunscoil a ghlac páirt sa Scéim		
Ní chuirtear aon bhia amú sa Scéim seo		
Deir na saineolaithe gur béilte sláintiúla atá sna béilte a chuirtear ar fáil sa Scéim		
Bhí an iomarca torthaí agus glasraí sna béilte, dar leis na saineolaithe		
Creideann tromlach de mhúinteoirí agus de phríomhoidí na tíre go raibh tionchar diúltach ag an Scéim ar shaol na scoile		
Tabharfar rogha do dhaltaí amach anseo lón te nó lón fuar a bheith acu		

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:



Samhlaigh gur dalta bunscoile tú. Glacann do scoilse páirt i Scéim na mBéilte Te. Breac síos i do chóipleabhar na cúig bhéile shamhailteacha atá roghnaithe agat don tseachtain atá le teacht.

Dé Luain:

Dé Máirt:


Dé Céadaoin:

Déardaoin:

Dé hAoine:

Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:



1. Pleananna maidir le leasuithe ar Scéim na mBéilte Te
2. Tuismitheoirí, daltaí agus múinteoirí
3. Níos mó ná 3,200
4. Dúshlán an chur amú bia
5. Tugadh an mhéid chéanna bia do pháistí óga is a tugadh do pháistí a bhí níos sine/ easpa glasraí agus torthaí sna béilte
6. Bhí (63%)

Fíor nó bréagach

	F	B
Tá sé i gceist ag an Rialtas deireadh a chur láithreach le Scéim na mBéilte Te		B
Tá os cionn 680,000 páiste tar éis leas a bhaint as an Scéim go nuige seo	F	
Níl ann ach cúpla bunscoil a ghlac páirt sa Scéim		B
Ní chuirtear aon bhia amú sa Scéim seo		B
Deir na saineolaithe gur béilte sláintiúla atá sna béilte a chuirtear ar fáil sa Scéim	F	
Bhí an iomarca torthaí agus glasraí sna béilte, dar leis na saineolaithe		B
Creideann tromlach de mhúinteoirí agus de phríomhoidí na tíre go raibh tionchar diúltach ag an Scéim ar shaol na		B
Tabharfar rogha do dhaltaí amach anseo lón te nó lón fuar a bheith acu	F	